Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Gaelbhratach d'iarbhunscoileanna

D'fhreastail daltaí agus múinteoirí ó Ghaelcholáiste Cheatharlach ar shearmanas faoi leith i mBeairic Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath le déanaí nuair a bhronn an Taoiseach Enda Kenny an Gaelbhratach ar breis is daichead scoil. Is scéim ghradaim é an Gaelbhratach a thugann aitheantas do scoileanna a ghníomhaíonn le húsáid na Gaeilge a spreagadh. Tá sé mar aidhm ag an scéim scoileanna dara leibhéal na tíre a spreagadh agus a chumasú le gníomhú chun an teanga a chur chun cinn tríd an scoil ar fad ar bhonn pleanáilte, leanúnach agus taitneamhach. Táthar ag súil go mbeidh tuiscint níos fearr ag an mac léinn ar na deiseanna úsáide Gaeilge lasmuigh den scoil agus go spreagfar comhoibriú gníomhach idir pobal na scoile.

Tá scéim na Gaelbhrataí á reachtáil ag Gael Linn agus Conradh na Gaeilge. Thug moltóirí neamhspleách cuairt ar scoileanna a chláraigh don scéim ag tús na scoilbhliana agus bronnadh Gaelbhratach do thréimhse dhá bhliain ar scoileanna mar aitheantas ar chur i gcrích spriocanna a d'aontaigh coistí daltaí agus múinteoirí laistigh de phobal na scoile agus leis an bpobal i gcoitinne.

Bhí an-áthas ar choiste an Ghaelcholáiste taisteal chuig an searmanas agus glacadh leis an nGaelbhratach. Tá an bratach corcra suntasach ar foluain le mórtas i gclós na scoile. Tá muintir Gael Linn ag súil le fás mór ar líon na scoileanna dara leibhéal a bheidh ag cur isteach ar an nGaelbhratach sa scoilbhliain nua.

Gluais: Glossary:
searmanas ceremony
aitheantas recognition
cumasú empower
tuiscint understanding
comhoibriú cooperation
spriocanna targets
corcra purple
ar foluain flying
mórtas pride

Fuair Sinéad Ní Bholgúir agus Aoibheann Nic Giollaphádraig an Gaelbhratach ón Taoiseach

Slí Draíochta an Gha Gréine

Leabhar Gaeilge ar iTunes

Foilsíodh an chéad leabhar idirghníomhach Gaeilge ar iTunes le déanaí. "Slí Draíochta an Gha Gréine" is teideal don leabhar agus is aistriúchán ar "The Sunbeam Path" é. Scéal é faoi chailín óg Nóra, atá ag súgradh lena haintín Róisín nuair a fheiceann sí ga gréine ag rince ar imeall na coille. An síóg atá ann?

Tá an leabhar gleoite seo scríofa ag Marion Rose McFadden as Tír Chonaill agus maisithe ag an ealaíontóir óg, Michael Murray. Tugann sé léargas ar shaol na síóg do dhaoine óga i modh nua digiteach. Tá "Slí Draíochta an Gha Gréine" ar fáil le híoslódáil tríd iBooks ar an iPad agus tríd iTunes ar an ríomhaire.

Gluais: Glossary:
foilsíodh published
idirghníomhach interactive
teideal title
aistriúchán translation
ga gréine sunbeam
síóg fairy
maisithe illustrated
ealaíontóir artist

SPRAOI do thuistí agus leanaí

Tiocfaidh SPRAOI, an grúpa dátheangach tuistí/leanaí, le chéile an Satharn seo chugainn, 16 Bealtaine ag 11 a chlog ar maidin. Tagann an grúpa le chéile go rialta in Ionad Pobail Darach Nua. Bíonn tae agus caife ag na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bhíonn na páistí óga ag spraoi. Cuirtear fíor fáilte roimh éinne go bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spraíúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge ach a bheith sásta triail a bhaint aisti.

Baineann idir pháistí agus tuistí an-taitneamh as na seisiúin shóisialta seo. Spreagtar labhairt na Gaeilge agus is breá leis na páistí amhráin agus rímeanna beaga trí Ghaeilge a chasadh ag deireadh an tseisiúin. Eagraithe i gcomhar le Glór na nGael, tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5 nó 6 bliana d'aois. Tá na seisiúin saor agus tá gach eolas ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 087 2857048 nó 085 1340047. Bígí linn agus beidh fáilte roimh chách!

Gluais: Glossary:
tuistí/leanaí parents/toddlers
dátheangach bilingual
líofa fluent
sóisialta social
eagraithe organised
oiriúnach suitable
go háirithe especially

Obair ealaíne ag na páistí sa ghrúpa Spraoi

Teastais do na rannpháirtithe seo a rinne an meánchúrsa Gaeilge leis an múinteoir Caitríona Uí Bhroin

An grúpa a rinne an bunchúrsa Gaeilge leis an múinteoir Eoin Ó Broin

Críoch le ranganna Gaeilge an earraigh

Tháinig críoch le ranganna Gaeilge an earraigh do dhaoine fásta i gCeatharlach coicís ó shin. Mhair na cúrsaí ag bunleibhéal agus meánleibhéal ar feadh deich seachtaine le ranganna uair sa tseachtain in oifigí na Comhairle Chontae ó Mhí Eanáir go Mí Aibreáin.

Bhí suas le fiche duine páirteach agus bhaineadar an-taitneamh as na ceachtanna. Glór Cheatharlach a d'eagraigh na cúrsaí agus Gaelchultúr a chuir ábhar na gceachtanna ar fáil. Chomh maith le foghlaimeoirí as Ceatharlach thaisteal roinnt daoine ó Chill Chainnigh, Cill Mhantáin agus Cill Dara chun freastal ar na cúrsaí. Clúdaíonn na cúrsaí ag bunleibhéal agus meánleibhéal gach gné de chomhrá Gaeilge laethúil an gnáthshaoil chomh maith le beagán gramadaí. Cuirtear an bhéim i gcónaí ar na rannpháirtithe a spreagadh le bheith ag caint go nádúrtha as Gaeilge agus faoi dheireadh na gcúrsaí bhí siad an-chompórdach agus iad ag comhrá eatarthu fein.

Ag deireadh na gcúrsaí bronnadh teastais agus fáinní ar na rannpháirtithe, rud a chuir an-áthas orthu. Cé go bhfuil na ranganna thart anois tá deiseanna fós ann do na foghlaimeoirí cleachtadh rialta a dhéanamh ar an teanga ag na ciorcail chomhrá éagsúla a eagraíonn Glór Cheatharlach. Bíonn ciorcal na maidine gach Céadaoin ag 10.30r.n. i Músaem Chontae Cheatharlach agus ar an gcéad Déardaoin de gach mí ag 9.00i.n. i dteach tábhairne Reddys. Bíonn ciorcal chomh maith ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. sa Teach Bar.

Tosnóidh sraith nua de chúrsaí Ghaelchultúir do dhaoine fásta i gCeatharlach le ranganna an tsamhraidh i Mí Bealtaine agus cuirfear tús le cúrsaí an fhómhair i Mí Meán Fhómhair. Cúrsaí deich seachtaine a bheidh i gceist i gcónaí agus beidh trí leibhéal á thairiscint ag braith ar éileamh. Tá na sonraí ar www.gaelchultur.com agus is féidir gach eolas a fháil ó oifig Ghlór Cheatharlach ar 087 2857048, 059 9158105 nó scríobh chuig eolas@glorcheatharlach.ie

Gluais: Glossary:
críoch finish
rannpháirtithe participants
clúdaíonn covers
spreagadh motivate
deiseanna opportunities
cleachtadh practise
rialta regular
sraith series
éileamh demand
sonraí details
eolas information